

Eleathanach295

Dé Luain 21 Bealtaine 2018

Harry agus Meghan

Bhí bainis ríoga ar siúl Dé Sathairn i Windsor, Sasana. Bhreathnaigh a lán daoine ar fud an domhain ar an mbainis. Chuaigh a lán daoine freisin go Sasana chun féachaint ar Meghan agus ar Harry. Bhí atmaisféar iontach timpeall ar Windsor.

Thosaigh an bhainis ag a 12 ach bhí na sluaite i láthair óna 8 r.n. Bhí go leor daoine cáiliúla ag an mbainis. D'fhreastail David agus Victoria Beckham, Serena Williams, Pippa agus Kate, George agus Amal Clooney, Oprah Winfrey ar an mbainis. Chaith Meghan gúna álainn ar an lá.

D'athraigh sí an gúna níos déanaí sa lá don chóisir. Bhí an Prionsa George agus an Banphrionsa Charlotte i láthair freisin agus chabhraigh siad le Meghan ar an lá. Bhí Charlotte mar chailín bláthanna agus bhí George mar ghiollán. Comhghairdeas le Harry agus Meghan ón Eleathanach!




Iniesta

Is imreoir sacair é Iniesta. Is as an Spáinn dó. Bhí sé ag imirt leis an bhfoireann sacair Barcelona. D'imir sé a chluiche deireanach don fhoireann Dé Domhnaigh.

Bhí Barcelona ag imirt in aghaidh Real Sociedad. An scór a bhí ann ag deireadh an chluiche: Barcelona 1: Real Sociedad 0.

D'imir Iniesta 674 cluiche do Barcelona. Bhí féasta ollmhór i ndiaidh an chluiche sa staid Camp Nou. Is breá le muintir na Spáinne Iniesta. Scóráil sé cúl tábhachtach sa chraobh don Chorn Domhanda in 2010.



Ed Sheeran

Bhí cúpla ceolchoirm ag Ed Sheeran in Éirinn an tseachtain seo caite. Bhí siad ar siúl i nGaillimh, i gCorcaigh, i mBéal Feirste agus i mBaile Átha Cliath.

Bhí breis agus 50,000 duine i láthair ag an gceolchoirm a bhí ar siúl i bPáirc an Fhionnuisce i mBaile Átha Cliath. Chan Ed i bPáirc Uí Chaoimh i gCorcaigh agus i bPáirc an Phiarsaigh i nGaillimh freisin.

Tá Ed 7 mbliana is fiche d'aois. Chan sé na hamhráin cháiliúla agus bhí gach duine an-sásta. Is iad na hamhráin is cáiliúla a chan sé sna ceolchoirmeacha ná *Thinking out Loud*, *The A Team* agus *Shape of You*.

Tar ar ais go hÉirinn go luath, a Ed!

